

Fáinne an Lae: Ceann d’Fhoinsí na hAthbheochana

Aisling Ní Dhonnchadha

‘Fáinne an Lae’ atá ar an léacht seo toisc gur bhraith mé go raibh an téarma agus an coincheap sin oiriúnach go leor mar chur síos ar an ardú croí is meanman, ar an dóchas is ar an misneach, ar an sprid is ar an idéalachas a shamhlaítear de ghnáth le tosach ré na hAthbheochana. Ina theannta sin, bhí an-suim go deo agam féin sa pháipéar seachtainiúil dátheangach úd—*Fáinne an Lae*—a tháinig amach den chéad uair i mí Eanáir 1898. Ba mhaith liom glacadh leis an mbliain áirithe sin, 1898, mar thúsphointe agus turas a thabhairt trí *Fáinne an Lae* 1898–1900 (leis an mbéim ar 1898) ar mhaithe le léas éigin tuisceana agus léargais a fháil ar chúrsaí éagsúla ag tosach na haoise seo. Turas ar séirse a bheidh i gceist, ar ndóigh, toisc a fhairsinge atá réimse an ábhair. Nuair a bheidh an méid sin déanta agam, táim chun aghaidh a thabhairt ar an mbliain 1918 toisc gur bhliain thábhachtach ar mhórán slite ba ea í agus i measc rudaí eile bhí cúig bliana is fiche slánaithe ag Conradh na Gaeilge agus de réir mar a tharla (agus ní raibh ann ach comhtharlú) ba in 1918 a tháinig páipéar an Chonartha amach arís faoin teideal *Fáinne an Lae*. Agus mé ag machnamh agus ag díriú ar thréimhse na hAthbheochana mar sin, is ag plé le coincheap ‘Fháinne an Lae’ a bheidh mé (.i. an tuiscint go rabhthas ar thairseach ré agus saoil nua) agus is é an páipéar *Fáinne an Lae* a bheidh mar threoir agus mar chraobh colais agam chuige sin.

Nuair a chuireas chun oibre ní raibh i gceist agam leis an méid áirithe sin ach réamhrá de shaghas a chur le plé éigin ar litríocht Ghaeilge na hAthbheochana, ach i ndiaidh dom roinnt laethanta a chaitheamh i gciúnas na leabharlainne agus

mé ag tochailt agus ag póirseáil i measc imleabhar deannachúil *Fáinne an Lae* (*FL* as seo ar aghaidh), ba léir dom go gcaithfinn an cíoradh agus an scagadh i dtaobh litríocht na hAthbheochana a fhágáil faoi dhuine éigin eile. Ní hé sin le rá, áfach, nach dtabharfaidh mé sciúird nó dhó thar balla isteach ar bhánta na litríochta.

Tháinig *FL*, an chéad pháipéar dátheangach seachtainiúil, amach ar an 8 Eanáir 1898.¹ Bernard Doyle/Brian Ó Dubhghaill, clódóir anseo i mBaile Átha Cliath, a bhunaigh é. Ní raibh aon Ghaeilge aige féin agus dá bhrí sin chuir Conradh na Gaeilge coiste ar fáil dó le féachaint i ndiaidh chúrsaí Gaeilge an pháipéir. Ba é Eoin Mac Néill a bhí ina eagarthóir Gaeilge ar an bpáipéar. I dtuairiscí an Chonarthartha don bhliain 1898 dúradh gurbh é bunú *FL* an rud ba thábhachtaí a tharla i ngluaiseacht na Gaeilge sa bhliain áirithe sin. Fíorú ar chuid d’aisling Thomáis Dáibhís a bhí i gceist le bunú an pháipéir dhátheangaigh agus, mar is eol dúinn, bhí an-tóir agus an-trácht ar theagasc is ar scríbhinní Dháibhís san am sin. Ba é an mana cáiliúil de chuid Dáibhís a ghlac *FL* chuige féin ná: ‘A nation should guard its language more than its territories—’tis a surer barrier, and more important frontier, than fortress or river.’ Faoi mar a bheimis ag súil leis, tugtar cuspóir an pháipéir nua dúinn sa chéad uimhir:

We come to actively aid the Gaelic League in its great work of patriotism. No nobler mission ever lay before a journal. Our high aim will be to teach Irishmen to be Irish. We intend to press the claims of the Irish language on the earnest attention of the country. In doing so we shall have to state some plain facts, and to run counter to some doctrines and ideas which are at present popularly cherished (*FL* 8/1/1898, 4).

Is fiú tamall a chaitheamh ag machnamh ar an mbliain atá faoi thrácht anseo .i. 1898. Nuair a chuimhnítear ar easpa iontaoibhe an phobail as an bpolaítíocht bhunreachtúil i rith nóchaidí na haoise seo caite agus dá thoradh sin, ar a láidre agus a dhóchasáí a bhí an náisiúnachas cultúrtha, is furasta dúinn a thuiscint go mba thráthúil é teacht *FL* nó, cuirimis mar seo é, bhí gach seans ann san am sin agus san aeráid chultúrtha sin go n-éireodh lena leithéid de thionscnamh. Ar ndóigh, bhí tábhacht nach beag ag baint le comóradh céad bliain Éirí Amach 1798 (nó ‘slánchéad ’98’ mar a thugann *FL* air). Roimh dheireadh na bliana 1898 bhí suas le 300 craobh den ‘98 *National Memorial Association*’ ar fud na tíre. Rud a gcuirfinnse spéis ann, ach nach raibh am agam a scrúdú i gcomhair na léachta seo, is ea an ceangal a bhí idir clubanna ’98 agus bunú chraobhacha Chonradh na Gaeilge timpeall na tíre, mar ní foláir nó gurbh iad na daoine céanna a bhí páirteach sa dá rud i gceantair áirithe. Bíodh sin mar atá, dhearbhaigh stiúrthóirí an chumainn go rabhthas an-fhábhruil don Ghaeilge agus go ndéanfaí tréaniarracht ar chainteoirí Gaeilge a sheoladh go dtí na cruinnithe i gceantair Ghaeltachta (féach *FL*, 23/4/1898, 9). De réir thuairiscí *FL* ar imeachtaí an chumainn sa Ghaeltacht, ní fhacthas an dea-thoil agus an díograis ag gníomhú go beo feidhm-